Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0143(COD)

3.10.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint
(COM(2023)0244 – C9-0170/2023 – 2023/0143(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Cornelia Ernst

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle, a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint (COM(2023)0244 – C9-0170/2023 – 2023/0143(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0244),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 16(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0170/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Le Cinneadh 2009/917/CGB[10] ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críoch custam bunaítear an Córas Faisnéise Custaim chun cabhrú le sáruithe	(2) Le Cinneadh 2009/917/CGB[10] ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críoch custam bunaítear an Córas Faisnéise Custaim chun cabhrú le sáruithe

tromchúiseacha ar dhlíthe náisiúnta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí fhaisnéis a chur ar fáil ar bhealach níos tapúla agus éifeachtacht na riarachán custaim a mhéadú. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i leith na cosanta sonraí pearsanta san Aontas, ba cheart an Cinneadh sin a leasú chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680. Go háirithe, ba cheart do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta prionsabal an t***sonraithe*** cuspóra a urramú, a bheith teoranta do chatagóirí sonraithe ábhar sonraí agus do chatagóirí sonraithe sonraí pearsanta, ceanglais maidir le slándáil sonraí a urramú, cosaint bhreise i gcomhair catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bheith ar áireamh iontu, agus na coinníollacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndiaidh a dtaifeadta a urramú. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an modh maoirseachta comhordaithe mar a tugadh isteach le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725[11] .

[10] Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custam, (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

[11] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

tromchúiseacha ar dhlíthe náisiúnta a chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh trí fhaisnéis a chur ar fáil ar bhealach níos tapúla agus éifeachtacht na riarachán custaim a mhéadú. Chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú i leith na cosanta sonraí pearsanta san Aontas, ba cheart an Cinneadh sin a leasú chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2016/680. Go háirithe, ba cheart do na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta prionsabal an ***teorannaithe de réir*** cuspóra a urramú, a bheith teoranta do chatagóirí sonraithe ábhar sonraí agus do chatagóirí sonraithe sonraí pearsanta, ceanglais maidir le slándáil sonraí a urramú, cosaint bhreise i gcomhair catagóirí speisialta sonraí pearsanta a bheith ar áireamh iontu, agus na coinníollacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndiaidh a dtaifeadta a urramú. Thairis sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an modh maoirseachta comhordaithe mar a tugadh isteach le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725[11] .

[10] Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle maidir le húsáid na teicneolaíochta faisnéise chun críocha custam, (IO L 323, 10.12.2009, lch. 20).

[11] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun caomhnú optamach na sonraí a áirithiú agus, san am céanna, laghdú á chur ar an ualach riaracháin atá ar na húdaráis inniúla, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta lena rialaítear coinneáil na sonraí pearsanta sa Chóras Faisnéise Custaim trí dheireadh a chur leis an oibleagáid chun sonraí a athbhreithniú go bliantúil agus trí uastréimhse choinneála ***cúig*** bliana a shocrú, ar tréimhse í is féidir a fhadú, faoi réir údar cuí a thabhairt, trí thréimhse bhreise 2 bhliain a chur léi. Tá an tréimhse choinneála sin riachtanach agus comhréireach i bhfianaise fhad an ama a mhaireann imeachtaí coiriúla go hiondúil agus i bhfianaise an ghá atá leis na sonraí chun oibríochtaí agus imscrúduithe comhpháirteacha custaim a dhéanamh.	(5) Chun caomhnú optamach na sonraí a áirithiú agus, san am céanna, laghdú á chur ar an ualach riaracháin atá ar na húdaráis inniúla, ba cheart simpliú a dhéanamh ar an nós imeachta lena rialaítear coinneáil na sonraí pearsanta sa Chóras Faisnéise Custaim trí dheireadh a chur leis an oibleagáid chun sonraí a athbhreithniú go bliantúil agus trí uastréimhse choinneála ***trí*** bliana a shocrú, ar tréimhse í is féidir a fhadú, faoi réir údar cuí a thabhairt, trí thréimhse bhreise dhá bhliain a chur léi. Tá an tréimhse choinneála sin riachtanach agus comhréireach i bhfianaise fhad an ama a mhaireann imeachtaí coiriúla go hiondúil agus i bhfianaise an ghá atá leis na sonraí chun oibríochtaí agus imscrúduithe comhpháirteacha custaim a dhéanamh.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Scriostar*** pointe 2 d'Airteagal 2 ***leis seo***.	(2) ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** phointe 2 d'Airteagal 2***:***
	2. ciallaíonn "sonraí pearsanta" sonraí pearsanta mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/680.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa Chóras Faisnéise Custaim, measfar gurb é an Coimisiún an próiseálaí, de réir bhrí phointe (12) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, ag gníomhú dó thar ceann na n-údarás náisiúnta arna n-ainmniú ag gach Ballstát, a mheasfar a bheith ina rialaitheoirí ar na sonraí pearsanta.	I ndáil le próiseáil sonraí pearsanta sa Chóras Faisnéise Custaim, measfar gurb é an Coimisiún an próiseálaí, de réir bhrí phointe (12) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, ag gníomhú dó***, i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán sin,*** thar ceann na n-údarás náisiúnta arna n-ainmniú ag gach Ballstát, a mheasfar a bheith ina rialaitheoirí ar na sonraí pearsanta.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 5 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Chun críche na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, ní iontrálfar sonraí pearsanta as aon cheann de na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) sa Chóras Faisnéise Custaim ach amháin má tá forais réasúnacha ann, go háirithe ar bhonn gníomhaíochtaí mídhleathacha roimhe sin, go ndearna an duine lena mbaineann cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta, go bhfuil cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta á ndéanamh aige nó go ndéanfaidh sé cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta.	2. Chun críche na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1, ní iontrálfar sonraí pearsanta as aon cheann de na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) sa Chóras Faisnéise Custaim ach amháin má tá forais réasúnacha ***agus oibiachtúla*** ann, go háirithe ar bhonn gníomhaíochtaí mídhleathacha roimhe sin, go ndearna an duine lena mbaineann cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta, go bhfuil cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta á ndéanamh aige nó go ndéanfaidh sé cionta coiriúla faoi dhlíthe náisiúnta.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 – an chuid réamhráiteach
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 7 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad*** mhír 3 d'Airteagal 7***:***	(6) ***Scriostar*** mír 3 d'Airteagal 7***.***
'3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, féadfaidh an Chomhairle ar bhonn eisceachtúil, trí chinneadh d'aon toil agus tar éis dul i gcomhairle leis an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, a cheadú d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha rochtain a fháil ar an gCóras Faisnéise Custaim, ar choinníoll go gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:	
(a) comhlíonann an rochtain na prionsabail ghinearálta maidir le haistrithe sonraí pearsanta a leagtar amach in Airteagal 35 nó, i gcás inarb infheidhme, Airteagal 39 de Threoir (AE) 2016/680;	
(b) tá an rochtain bunaithe ar chinneadh leordhóthanachta arna ghlacadh faoi Airteagal 36 den Treoir sin nó tá an rochtain faoi réir coimircí iomchuí faoi Airteagal 37 den Treoir sin.'	

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní fhéadfaidh na Ballstáit, Europol agus Eurojust sonraí pearsanta a fhaightear ón gCóras Faisnéise Custaim a phróiseáil ach	Ní fhéadfaidh na Ballstáit, Europol agus Eurojust sonraí pearsanta a fhaightear ón gCóras Faisnéise Custaim a phróiseáil ach

amháin chun an aidhm a shonraítear in Airteagal 1(2) a bhaint amach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le ***próiseáil*** sonraí pearsanta.	amháin chun an aidhm a shonraítear in Airteagal 1(2) a bhaint amach, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le ***cosaint*** sonraí pearsanta.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 8 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(7a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 8:
2. Gan dochar do mhír 1 agus mír 4 den Airteagal seo***, d'Airteagal 7(3)***, d'Airteagal 11 ná d'Airteagal 12, is iad na húdaráis náisiúnta i ngach Ballstát arna n-ainmniú ag an mBallstát atá i gceist agus atá inniúil, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin, chun gníomhú d'fhonn an aidhm atá sonraithe in Airteagal 1(2) a bhaint amach, agus na húdaráis sin amháin, a úsáidfidh na sonraí a gheofar sa Chóras Faisnéise Custaim.	"2. Gan dochar do mhír 1 agus mír 4 den Airteagal seo, agus d'Airteagal 11 agus d'Airteagal 12, is iad na húdaráis náisiúnta i ngach Ballstát arna n-ainmniú ag an mBallstát atá i gceist agus atá inniúil, i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin, chun gníomhú d'fhonn an aidhm atá sonraithe in Airteagal 1(2) a bhaint amach, agus na húdaráis sin amháin, a úsáidfidh na sonraí a gheofar sa Chóras Faisnéise Custaim."
	Or. en

Réasúnú

Tagairt d'Airt. 7(3) a bhaint mar thoradh ar an scriosadh a rinneamar ar an mír sin.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) iad a tharchur chuig údaráis	(a) iad a tharchur chuig údaráis

náisiúnta seachas na húdaráis sin arna n-ainmniú faoi mhír 2, agus féadfaidh na húdaráis náisiúnta sin iad a phróiseáil a thuilleadh, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le ***próiseáil*** sonraí pearsanta; nó	náisiúnta seachas na húdaráis sin arna n-ainmniú faoi mhír 2, agus féadfaidh na húdaráis náisiúnta sin iad a phróiseáil a thuilleadh, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme de dhlí an Aontais maidir le ***cosaint*** sonraí pearsanta; nó
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 8 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) iad a tharchur chuig údaráis inniúla tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, agus féadfaidh na húdaráis náisiúnta sin iad a phróiseáil a thuilleadh, i gcomhréir le Caibidil V de Threoir (AE) 2016/680 agus, i gcás inarb ábhartha, le ***Caibidil V*** de Rialachán (AE) 2018/1725.	(b) iad a tharchur chuig údaráis inniúla tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, agus féadfaidh na húdaráis náisiúnta sin iad a phróiseáil a thuilleadh, i gcomhréir le Caibidil V de Threoir (AE) 2016/680 agus, i gcás inarb ábhartha, le ***Caibidil V agus Caibidil IX*** de Rialachán (AE) 2018/1725.
	Or. en

Réasúnú

Tá rialacha ar leith ag Airt. 94 i gCaibidil IX i gcás sonraí pearsanta oibríochtúla a aistriú chuig tríú tíortha agus ba cheart iad a chur leis mar thagairt anseo le haghaidh na hiomláine.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 14
Ní choinneofar sonraí pearsanta a iontráiltear sa Chóras Faisnéise Custaim ach ar feadh na tréimhse ama is gá chun an aidhm a shonraítear in Airteagal 1(2) a	Ní choinneofar sonraí pearsanta a iontráiltear sa Chóras Faisnéise Custaim ach ar feadh na tréimhse ama is gá chun an aidhm a shonraítear in Airteagal 1(2) a

bhaint amach ***agus ní fhéadfar iad a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide ná 5*** bliana. Mar sin féin, féadfar na sonraí sin a choinneáil ar feadh thréimhse bhreise 2 bhliain ar a mhéad, ar bhonn eisceachtúil, i gcás ina mbunaítear, agus a mhéid ***a bhunaítear***, i gcás aonair, go bhfuil ***géarghá leis sin a dhéanamh*** chun an aidhm sin a bhaint amach.	bhaint amach***. Déanfar athbhreithniú gach 3*** bliana ***ar a laghad ar an ngá atá lena gcoinneáil***. Mar sin féin, féadfar na sonraí sin a choinneáil ar feadh thréimhse bhreise 2 bhliain ar a mhéad, ar bhonn eisceachtúil, i gcás go bhfuil, agus a mhéid go bhfuil ***géarghá leis sin*** chun an aidhm sin a bhaint amach i gcás aonair.
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin gCinneadh seo.	Beidh feidhm ag Treoir (AE) 2016/680 ***agus ag Rialachán (AE) 2018/1725*** maidir le próiseáil sonraí pearsanta faoin gCinneadh seo.
	Or. en

Réasúnú

Tagairt do EUDPR a chur léi le haghaidh na hiomláine, ós rud é go ndéanann IOE roinnt oibríochtaí próiseála.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13
Cinneadh ón gComhairle 2009/917/JHA
Airteagal 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 26
I gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725 ***áiritheofar maoirseacht chomhordaithe idir na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus*** an	***'1.*** Beidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ***freagrach as faireachán a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo agus a áirithiú go ndéanfar é a chur i***

Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

gcrích i gcomhréir leis an Rialachán seo. Beidh feidhm ag na dualgais agus ag na cumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 57 agus in Airteagal 58 de Rialachán (AE) 2018/1725 dá réir sin.

2. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí iniúchadh ar phróiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún faoin Rialachán seo gach trí bliana ar a laghad i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta. Seolfar tuarascáil ar an iniúchadh sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na húdaráis mhaoirseachta.

3. Comhoibreoidh údaráis mhaoirseachta náisiúnta na mBallstát agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go gníomhach, ag gníomhú dóibh araon laistigh de raon feidhme a gcuid inniúlachtaí féin agus faoi chuimsiú a gcuid freagrachtaí agus áiritheoidh siad maoirseacht chomhordaithe i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2018/1725.***'***

Or. en